

# C



6 - Ag roinnt na leabhar
7 - Tá cló inár dtimpeall

# Clár


| | |
|---|---|
| Focail a bhaineann le léitheoireacht | 2 |
| Ag caint mar gheall ar leabhair | 3 |
| Ag roinnt leabhar | 4 |
| Conas úsáid a bhaint as do scéalphictiúr | 5 |
| Aird ar léitheoireacht | 6 |
| Ag roinnt leabhar sa bhaile | 7 |
| Focail a bhainneann le cló sa timpeallacht | 8 |
| Ag feiscint cló gach lá | 9-10 |
| Ag foghlaim mar gheall ar litreacha | 11 |
| Biongó na cistine | 12 |
| An cluiche ainmneacha | 13 |
| Ag imirt cluichí cló | 14 |

# Focail a bhaineann le léitheoireacht

An bhfuil na focail seo a bhaineann le léitheoireacht ar eolas ag do leanbh?

teideal





údar

leathanach

cló

tosach

deireadh




línte

uimhreacha leathanaigh

barr

bun

léiritheoir




pictiúr

clé

deas

caibidil

# Ag caint mar gheall ar leabhair

Nuair a bhíonn do pháiste ar scoil, mar aon le léitheoireacht, bítear ag súil go ndéanfaidh sí na rudaí seo a leanas:

An scéal a thomhas ó phictiúr nó ó abairt.

Ord a chur ar rudaí - cad a tharla ar dtúis, ina dhiaidh san agus ar deireadh, srl.

Achoimre a dhéanamh ar an scéal - leagan níos giorra den scéal iomlán a insint.

Tuairim a bheith acu maidir leis an scéal.

Cuimhneamh ar mhioneolas ón scéal níos déanaí.

Míniú a thabhairt ar chúis agus ar éifeacht eachtraí a thiteann amach sa scéal.

Na heachtraí a tharlaíonn sa scéal a chur i gcomhthéacs taithí laethúil an pháiste.



# Ag roinnt leabhar

Bíonn a lán eolais agus tuisceana ag páistí mar gheall ar leabhair i bhfad sula dtéann siad ar scoil. Cabhraíonn na rudaí a fhoghlaimíonn siad gach lá mar gheall ar leabhair leo a thuiscint cad go díreach is léamh ann fén am a dtosnaíonn siad féin ag léamh.

**Cad is féidir leatsa a dhéanamh chun cabhrú?**

- Lig dod pháiste tú a fheiscint ag léamh.
- Bíodh leabhair agus irisí agat mórthimpeall an tí chun gur féidir féachaint orthu.
- Cuir am ar leataobh chun leabhair a roinnt lena chéile.
- Lig dod pháiste a cuid leabhar féin a roghnú agus a láimhseáil di féin.
- Bí ag caint i dtaobh na bpictiúirí.
- Taispeáin litreacha nó focail a aithníonn sí.
- Lig di na leathanaigh a iompú.
- Léigh an leabhar a ghabhann leis na fístéipeanna a mbíonn tóir orthu, ar nós '**Muzzy, Tomás an Traein, Cailín na Luatha**, srl.
- Téigí go dtí an leabharlann lena chéile.
- Ceannaigh leabhair mar bhronntanaisí.
- Malartaigh leabhair le cairde.

# Conas úsáid a bhaint as do scéalphictiúr

Bain úsáid as do scéalphictiúr mar thaca chun scileanna samhlaíochta agus teanga do pháiste a fhorbairt.

Iarr ar do pháiste scéal an phictiúir a insint:

Conas a thosnaíonn an scéal?

Cé atá sa phictiúr?

Cad atá ag tarlú?

Cad é an chéad rud eile a tharlóidh?

Conas a chríochnaíonn an scéal?

Iarr ar do pháiste cur síos a dhéanamh ar na rudaí sa phictiúr agus iad a ainmniú:

Cad a chíonn tú sa phictiúr?

An bhfeiceann tú an ________________ ?

Cé mhéad ____________________ a chonaic tú?

Cad a thabharfaimid ar an bpictiúr seo?

Iarr ar do pháiste scéal an phictiúir a athinsint:


An féidir leat scéal do phictiúir a insint do Nain?

Cuir an pictiúr i gcomhthéacs a taithí saoil féin:

Cén áit eile a bhfeicfeá ____________________?

An gcuirfimid rud éigin eile leis an bpictiúr?

# Aird ar léitheoireacht




Ainm ______________________

Aois ______________________

Déan fótacóip de réir mar is gá do gach leanbh

# Ag roinnt leabhar sa bhaile

**Cuir am ar leataobh an tseachtain seo chun leabhair a roinnt le do pháiste uair sa ló, más féidir.**

Cad iad na leabhair a léigh tú féin is do pháiste an tseachtain seo?

Cad a thaitin le do pháiste i dtaobh na leabhar?

Ar úsáid tú an scéalphictiúr?

Ná déan dearúd roinnt ama a chaitheamh ag tabhairt fé ndeara scileanna léitheoireachta do pháiste agus úsáid á baint agat as **Aird ar léitheoireacht**.

# Focail a bhaineann le cló sa timpeallacht

comhartha

nuachtán

biachlár

póstaer

lipéad

féilire

liobar éadaigh

bróisiúr

treoir

bileog

lógó

litir

nuachtlitir

fógraíocht

nuachtfhógra

pacáiste

catalóg

cárta

iris

cinnlínte

siombal

oideas

oideas cócaireachta

eolaire

síniú

# Ag feiscint cló gach lá

Cad a fhoghlaimíonn páistí ó chló sa timpeallacht?

Foghlaimíonn siad:

- go mbíonn teachtaireacht ag baint le cló;
- go mbíonn mórán úsáidtí ag baint le cló;
- go léirítear cló ina lán slite difriúla;
- go mbíonn meas ag gach saghas duine ar chló;
- go mbíonn páirt mhór ag cló in imeachtaí laethúla agus in ócáidí speisialta.

Is mó páiste a chuireann suim sa léitheoireacht ar dtúis ón teagmháil a bhíonn acu le cló sa timpeallacht.

Is féidir leat do pháiste a spreagadh le suim a chur sa chló atá ina timpeall. Seo roinnt moltaí duit:

**Taispeáin comharthaí, póstaeirí, ainmneacha siopaí.**

Cad a deir an comhartha sin?

An féidir leat ainm an tsiopa a aimsiú?

**Bí ag caint ar an eolas a tugtar ar lipéidí.**

Féachaimis ar an dáta, féachaint an bhfuil sé úr.

Féachaimis ar na lipéidí, féachaint an bhfuil do thoise acu.

**Bí ag caint fé na treoracha ar na paicéidí.**

Cén fhad is ceart an pizza seo a chócaireacht?

Féachaimis ar na treoracha a bhaineann leis an gcluiche seo.

# Ag feiscint cló gach lá

**Bíodh do pháiste páirteach leat i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gnáthscríbhneoireacht.**

Cé acu de na fístéipeanna seo ba mhaith leat?

An bhféadfá féachaint sa chófra agus mála siúicre a fháil dom?

**Mínigh cad a bhíonn ar bun agat nuair a bhíonn tú féin ag baint úsáide as cló sa timpeallacht.**

'Tá mé ag cuardach uimhir ghutháin an ospidéil san Eolaire Buí'.

'Féachfaidh mé ar an bhféilire chun a chinntiú cén lá den tseachtain é an tarna lá déag'.

**Tabhair spreagadh dod pháiste rudaí a aithníonn sí a aimsiú.**

An féidir leat na milseáin sin a thaitníonn leat a fheiscint?

An bhfeiceann tú an cnaipe chun na bananaí a mheá?

**Tabhair moladh dod leanbh nuair a léiríonn sí go n-aithníonn sí aon ábhar i gcló.**

'Sea, sin é an RTÉ Guide. Maith tú. Anois, féachaimis cén t-am ag a mbeidh an clár sin ar siúl'.

'Sin an gránbharr a thaitníonn le do dheartháir. Go raibh maith agat as é a aimsiú ar an tseilf'.

**Bain úsáid as cluichí dúmasacha (siopa, oifig an phoist, bialann) nó bíodh cluichí a bhaineann le cló agaibh, ag baint úsáide as ainmneacha bianna, bréagáin, cláracha teilifíse, srl. a aithníonn sí.**

**Déan leabhar gearrthóg de chomharthaí, ainmneacha agus lipéidí a aithníonn do pháiste.**

Do chuidse smaointe:

# Ag foghlaim mar gheall ar litreacha

Bíonn a lán ar eolas ag páistí i dtaobh léitheoireachta agus i dtaobh ciall a bhaint as ábhar i gcló i bhfad sula dtéann siad ar scoil. Cabhraíonn na rudaí a fhoghlaimíonn siad gach lá i dtaobh cló leo a thuiscint cad is ea léitheoireacht ann.

Seo roinnt slite inar féidir leat cabhrú le do pháiste foghlaim i dtaobh litreacha:

- Tosnaigh le hainm an pháiste féin.
- Déan leabhar pictiúir agus ainm.
- Tabhair deiseanna di na litreacha ina hainm féin a rianadh, nó iad a chóipeáil.
- Taispeáin litreacha a bhaineann lena hainm féin i gcomharthaí, póstaeirí, irisí, srl.
- Taispeáin di ainm do bhóthair nó do cheantair féin ar chomharthaí bóthair.
- Bí ag caint i dtaobh an dealraimh a bhíonn ar na litreacha, mar shampla, tá 'S' ar nós nathar nimhe.
- Nuair a bhíonn tú amuigh ag siúl nó ag tiomáint, féach an féidir le do pháiste roinnt litreacha ón aibítir a aimsiú ar chomharthaí agus ar chló timpeallachta eile.
- Déan leabhar pictiúir leis an aibítir.
- Déan míreanna mearaí den aibítir.
- Tabhair spreagadh dod leanbh cluichí a imirt a bhaineann le litreacha agus uimhreacha a aithint.

Do chuidse smaointe:

# Biongó na cistine

**Teastóidh:**

- boscaí gránbhairr, boscaí/paicéidí folmha brioscaí, lipéidí ó stáin, boscaí pizza, málaí criospaí, málaí aráin, boscaí púdar níocháin - ar a laghad dhá cheann de gach saghas
- cairtchlár (boscaí gránbhairr) nó cláir bhiongó agus 'paca'
- taos
- siosúr

**Ag déanamh an chluiche:**

1 Gearr amach péirí focal/lógónna ó na boscaí gránbhairr, paicéidí, srl.

2 Greamaigh ceann amháin de gach focal/lógó ar phíosa cairtchláir chun clár biongó a dhéanamh.

3 Cuir an ceann eile de gach péire focal/lógó ar leataobh chun go n-úsáidfear sa 'phaca' iad.

4 Ag úsáid do rialóir, gearr an cairtchlár ina chártaí cothroma.

5 Greamaigh na focail/lógónna ar chártaí chun an 'paca' a dhéanamh.

**Conas imirt:**

Cluiche meaitseála is ea é seo.

- Faigheann gach imreoir clár biongó.
- Faigheann gach imreoir seans tré chárta amháin ón bpaca a iompú agus iarracht a dhéanamh ar an leathphéire a bhaineann leis a aimsiú. Má gheibheann an t-imreoir an leathphéire, cuirtear é anuas ar an bhfocal a bhaineann leis ar an gclár biongó.
- Is é an chéad duine a chlúdaíonn na focail go léir ar an gclár biongó a bhuann an cluiche.

**Smaointe eile do bhiongó cistine:**

- D'fhéadfadh duine amháin a bheith mar 'ghlaotóir biongó'.
- Chaithfeadh imreoirí an focal a léamh chun an leathphéire a aimsiú.
- D'fhéadfadh leanbh an-óg an paca ar fad a leathadh amach chun iarracht a dhéanamh ar theacht ar na péirí.

Do chuidse smaointe:

# An cluiche ainmneacha

Ár mbuíochas speisialta le tuismitheoirí Norfolk ón gclár *'Learning Together'* as an moladh seo.

**Teastóidh:**

- go leor píosaí cairtchláir mar mhataí boird agus cártaí imeartha
- siosúr, rialóir agus marcóirí

**Ag déanamh an chluiche:**

1 Déan clár imeartha do gach imreoir. Níl anso ach píosa cairtchláir agus ainm an imreora scríte air.

2 Ag úsáid do rialóra, déan a lán dronuilleoga cothroma a mharcáil chun paca cártaí litreach a dhéanamh. Úsáidfear iad seo chun meaitseáil leis na litreacha in ainmneacha na n-imreoirí.

3 Gearr amach na cártaí agus scríobh litreacha ar leith ar gach cárta chun an paca a dhéanamh.

**Conas imirt:**

Cabhraíonn an cluiche seo le páistí óga litreacha a aithint, tré cheist a chur orthu na litreacha atá ina n-ainm féin a aimsiú.

- Suíonn na himreoirí lena gclár imeartha os a gcomhair.
- Cuir an paca cártaí litreach i lár an bhoird.
- Chun tosnú, roghnaíonn gach imreoir an méid céanna litreacha ón bpaca is atá litreacha ina n-ainmneacha.
- Cuireann na himreoirí cártaí síos ar a gclár imeartha a aithníonn siad as a n-ainm féin. Cuireann siad uatha cártaí ná baineann lena n-ainm agus piocann siad cárta nua in ionad gach ceann.
- Buann an chéad duine go n-éiríonn léi na litreacha go léir ina hainm a aimsiú.



# Ag imirt cluichí cló

Beartaigh am go n-imreoidh tú **Biongó cistine** nó **An Cluiche Ainmneacha** le do pháiste an tseachtain seo.

Cé acu cluiche a d'imir tú?

Cad a thaitin le do pháiste sa chluiche seo?

Ar ghlac baill eile den teaghlach páirt ann?

An bhfuil aon mholtaí agat a chuirfeadh leis an gcluiche, nó a chuirfeadh éagsúlacht ann, nó a dhéanfadh níos suimiúla é?

An bhféadfá deiseanna eile a aimsiú nuair a d'fhéadfá a bheith ag caint le do pháiste mar gheall ar an gcló atá sa teach?



# Canúint na Mumhan

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science